C/2023/1641

22.12.2023

Fógra le haghaidh eintitis áirithe atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine

(C/2023/1641)

Cuirtear an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid na n-eintiteas a luaitear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES agus in Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014.

Tá sé á bheartú ag an gComhairle na bearta sriantacha a bhaineann leis na heintitis sin a choinneáil ar bun.

Leis seo, cuirtear in iúl do na heintitis lena mbaineann go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun an fhaisnéis a fháil a bhaineann le bearta sriantacha a choinneáil ar bun, faoin 29 Nollaig 2023, chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
R-phost: sanctions@consilium.europa.eu